C/2026/5553

27.10.2026

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hOibrithe Séasúracha

(C/2026/5553)

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Guidelines on seasonal workers in the EU in the context of the COVID-19 outbreak*' [Treoirlínte maidir le hoibrithe séasúracha san Aontas i gcomhthéacs ráig COVID-19] an 17 Iúil 2020, sna conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála oibrithe séasúracha agus oibrithe taistil eile a formheasadh an 9 Deireadh Fómhair 2020, agus sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020 maidir le cosaint Eorpach d'oibrithe trasteorann agus séasúracha i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, i measc tionscnaimh eile, aithníodh gur minic a bhíonn oibrithe séasúracha níos leochailí i leith dálaí oibre agus maireachtála forbhásacha ná oibrithe taistil eile. Le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus lena Rialachán cur chun feidhme (CE) Uimh. 987/2009 maidir le comhordú córas slándála sóisialta, rannchuidítear le feidhmiú ceart slándála sóisialta a éascú d'oibrithe séasúracha taistil agus tá siad gan dochar do scéimeanna sonracha náisiúnta tacaíochta ioncaim d'oibrithe séasúracha, i gcás inarb ann dóibh. Tá sé tábhachtach, áfach, go ndéanfaí iarrachtaí breise i réimsí beartais eile a mhéid a bhaineann le dálaí oibre agus maireachtála, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, pá íosta leordhóthanach, cóir chomhionann agus rochtain ar chosaint shóisialta. Chun tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do chosaint chearta slándála sóisialta na n-oibrithe séasúracha, tá sé thar a bheith tábhachtach faisnéis ábhartha maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí faoi na Rialacháin seo a chur ar fáil dóibh i dteanga shoiléir intuigthe.